


Laoch Spóirt



Buíochas le Sportsfile

FOLÚS FÁGTHA
INÁR SAOIL

Br Damien Brennan

Le Liam de Lása

Sula dtosnóidh mé an tseachtain seo, caithfidh mé a bheith macánta agus a rá libh nár cheapas riamh go mbeadh an Br. Damien Brennan fé chaibidil agam sa tsraith seo ar laochra spóirt na hÉireann. Amhail muintir Challain agus go deimhin amhail muintir an chontae ar fad, cheapas nach mbeadh a chuid ráite agus déanta ag an bhfear seoid a tháinig i leith chugainn ó chontae Laoise agus a d'fhág rian nach beag ar shaol na ndaoine a bhí sé de phribhléid acu teacht trasna air go deo. Sin é mar atá an saol áfach, agus táimid go léir fágtha le folús inár gcróithe tar éis bhás an fhir a thug a shaol ar fad ar mhaithe le daoine eile.

Tháinig an Br. Séamus Damien Brennan go Callan ar feadh bliana i 1990 mar mhúinteoir ach níor fhan sé ach bliain amháin ag a chéad turas. Thug sé fén ardchathair ansin, áit inar dhein sé an t-uafás oibre ar son na ndaoine ba bhoichte ar an saol ag an am.

D'fhill sé ar Challan tar éis sé bliana a chaitheamh ag teagasc i mBaile Átha Cliath agus i dteannta na múinteoireacha ceapadh é mar cheannaire pobail i gCallan. Lean sé leis an dá chúram go dtí 2012 nuair a ceapadh é ina leas-phríomhoide i gColáiste Éamann Rís agus trí bliana ina dhiaidh sin ceapadh é mar phríomhoide, ról a bhí aige go dtí lá a bháis ar an 3 Meán Fómhair 2019.

Oiliúnóir Saoil

Luaitear ainm an Bhráthair Damien go forleathan mar iar-bhainisteoir mhionúir iomána Chill Chainnigh agus bhí sé ina bhainisteoir acu nuair a bhúadar dhá chraobh mionúr na hÉireann as a chéile in 2002 agus 2003. Bheadh éagóir á déanamh ag an té a thabharfadh bainisteoir air áfach.

Ba mhúinteoir é, b'oiliúnóir saoil é, ba chaomhnóir agus ba chomhairleoir é a thug féna chúram go ciúin i ngan fhios don saol mór. Níorbh aon iontas é d'éinne a tháinig faoina sciath nuair a nocht iar-imreoir Chill Chainnigh Jackie Tyrell go raibh tionchar as cuimse ag an mBráthair Damien ar a fhorbairt phearsanta féin.


Chaith sé a shaol gairmiúil ar fad ag obair leis an bpobal i mBaile Átha Cliath agus Cill Chainnigh agus bhí tuiscint aige ar thábhacht an oideachais i gcónaí. Do mhúin sé an Ghaeilge le paisean agus bród ach is maith a bhí a fhios aige go raibh an scoláire i gcoílár an chórais.

Do mhair a oidhreacht ar na scoláirí siúd ar feadh na mblianta fada tar éis dóibh an seomra ranga a fhágaint. I gcomhar le hlontaobhas Scoileanna Éamainn Rís chinntigh sé oideachas cothrom, leathan agus spreagúil do bhuachaillí na dúiche agus d'éirigh leis an paisean agus bród a bhí go smior ann a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile.

Obair Dé

Shamhlófá tar éis an méid sin ar fad go mbeadh sé saoráideach dóthain focal a chur ar shaol an Bhráthair Damien Brennan ach chaithfinn dul i muinín fhocail an tsagairt ag an tsochraid chun cur síos a dhéanamh ar an bhfolús atá fágtha. Dúirt sé go dtagann daoine áirithe ar an saol ó am go chéile agus seoltar chugainn iad toisc go bhfuilid ag teastáil chun muid a threorú.

Bíonn obair Dé le déanamh acu agus go deimhin bhí obair le déanamh ag an mBráthair Damien chun a chuid scoláirí agus imreoirí a chur ar bhóthar a leasa. Braithfidh muintir Challain uathu a gcara cinnte, agus tógfaidh sé tamall fada chun dul i dtaithí air sin.



Buíochas le Sportsfile

Bhí sé sciobtha uainn ró-luath gan dabht ach mairfidh oidhreacht an fhir go doimhin sa chontae ar feadh na mblianta atá le teacht. Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

Folús - Void
Pribhléid - Privilege
Iontaobhas - Trust
Gairmiúil - Professional
Oiliúnóir - Coach
Saoráideach - Easy

Caomhnóir - Guardian
Comhairleoir - Counsellor
Obair Dé - God's Work
Ag Teagasc - Teaching
Sochraid - Funeral
Éagóir - Injustice

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focal

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| M | E | R | I | A | N | N | A | E | C | S | H | T | T |
| O | A | I | L | S | G | M | I | T | N | A | A | N | L |
| R | I | B | A | N | I | O | T | B | T | H | S | T | U |
| H | A | D | A | O | N | B | H | R | R | I | C | R | A |
| T | S | R | E | T | T | E | T | E | I | O | O | A | T |
| O | A | A | A | A | C | H | R | N | A | N | I | S | H |
| C | T | S | B | O | C | H | A | N | H | T | L | N | E |
| T | O | T | O | I | A | H | G | A | T | A | E | A | L |
| H | O | I | C | R | I | O | A | N | A | O | A | R | I |
| A | S | O | H | S | N | G | S | S | H | B | N | M | G |
| N | A | H | T | A | E | L | I | R | C | H | N | O | T |
| H | N | N | A | E | R | I | A | M | D | A | A | E | B |
| I | T | N | I | C | S | I | U | T | R | S | C | S | A |
| O | R | E | T | A | N | A | L | L | A | C | A | A | B |

IONTAOBHAS
IONTAS
ARDCHATHAIR
OIDEACHAS
SAGART
TUISCINT
LUATH
MAIREANN
SCOILEANNA
BOCHT
COTHROM
RANG
CALLAN
CEANNAIRE
SEOMRA
BRENNAN
LEATHAN
TRASNA